TFI TRANSPORT FOR IRELAND




# Tá Gréasán nua BusConnects á chur i bhfeidhm!

## Bealaí Chéim 5a

| | |
|---|---|
| W4 | An Chearnóg, Tamhlacht - Páirc Gnó Chaisleán na Gráinsí - Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life - Ionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir |
| W61 | Stáisiún Chollchoille - An Phríomhshráid, Cill Droichid - An Coláiste Sailéiseach - Stáisiún Mhaigh Nuad - Coláiste Pobail Mhaigh Nuad |
| W62 | An Caisleán Nua - Teach Sagard - Eastát Tionscail Ghrianóige - Bóthar Iarthar na Cathrach - An Chearnóg, Tamhlacht |

Á sheoladh an 25 Meitheamh 2023

Go-Ahead Ireland

## Gréasán nua BusConnects

Tá an gréasán nua ag teacht sna sála ar thrí bhabhta comhairliúcháin phoiblí, a tháinig chun deiridh sa bhliain 2020. Cuirfidh sé feabhas ar ghréasán reatha Transport for Ireland (TFI) trí sheirbhísí bus breisithe a mbeidh dromlaigh ardmhinicíochta agus bealaí áitiúla nua, cuarbhealaí nua agus bealaí gathacha nua i gceist leo a sholáthar.

Tabharfar an gréasán nua seo isteach de réir a chéile sna blianta atá amach romhainn. Baineann an chéim seo le seirbhísí in Iarthar/Iardheisceart Bhaile Átha Cliath lena bhfreastalófar ar limistéir amhail:

- An Caisleán Nua
- E.T. Ghrianóige*
- Teach Sagard
- Iarthar na Cathrach
- An Chearnóg, Tamhlacht
- P.G. Choill an Rí*
- I.S. Ghleann na Life*
- Leamhcán
- I.S. Bhaile Bhlainséir*
- Collchoill
- Cill Droichid
- Maigh Nuad

Áirítear na nithe seo leis an líon ard buntáistí a ghabhann le BusConnects:

- Toilleadh méadaithe agus minicíocht mhéadaithe
- Seirbhísí méadaithe ar fud an lae, san oíche agus ag an deireadh seachtaine
- Ticéadú feabhsaithe chun cómhalartú saor in aisce idir seirbhísí a éascú.

* Eastát Tionscail/ Páirc Gnó/ Ionad Siopadóireachta





## Táimid ag dul isteach i gCéim 5a d’Athdhearadh an Ghréasáin anois

Tosóidh Céim 5a an 25 Meitheamh agus is é atá i gceist léi Cuarbhealaí **W4**, **W61** agus **W62** a thabhairt isteach. Oibreoidh Go-Ahead Ireland na cuarbhealaí sin thar ceann TFI.

Mar chuid d’athdhearadh an ghréasáin, tá sé beartaithe bealaí **W61** agus **W62** a chomhcheangal a luaithe atá feabhsuithe ar an ngréasán bóithre ar fáil i limistéar Chollchoille.

## Táillí

TFI 90 MINUTE FARE

Tá feidhm ag Táille 90 Nóiméad TFI maidir leis an gcuid is mó de thurais i limistéar Bhaile Átha Cliath nuair atá Cárta TFI Leap á úsáid. Áirítear léi an rogha chun aistriú saor in aisce idir seirbhísí Bus Chathair Bhaile Átha Cliath (Bus Átha Cliath agus Go-Ahead Ireland), seirbhísí Luas, seirbhísí DART agus seirbhísí iarnróid comaitéireachta (criosanna 1 go 4 sa Chrios Turais Ghairid). Níl le déanamh agat ach do thuras deiridh a thosú laistigh de 90 nóiméad ón gcéad cheann.

| Táillí TFI Leap | Aosach | Aosach Óg / Mac Léinn | Leanbh |
|---|---|---|---|
| Táille Ghairid | €1.30 | €0.65 | €0.65 |
| Táille 90 Nóiméad TFI | €2.00 | €1.00 | €0.65 |

# Treoir Minicíochta: W4, W61 & W62

## Laethanta le linn na seachtaine

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **W4** | An Chearnóg, Tamhlacht - Páirc Gnó Pháirc Chaisleán na Gráinsí - IS Ghleann na Life - Ionad Bhaile Bhlainséir | 30 | 15 | 15 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 15 | 15 | 15 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W61** | Coláiste Pobail Mhaigh Nuad - An Coláiste Sailéiseach - An Phríomhshráid, Cill Droichid - Ascaill na Sailí - Stáisiún Chollchoille | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W62** | An Caisleán Nua - Teach Sagard - Bóthar Iarthar na Cathrach - Bóthar Ghort an tSrutháin - An Chearnóg, Tamhlacht | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |

## An Satharn

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **W4** | An Chearnóg, Tamhlacht - Páirc Gnó Pháirc Chaisleán na Gráinsí - IS Ghleann na Life - Ionad Bhaile Bhlainséir | 60 | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W61** | Coláiste Pobail Mhaigh Nuad - An Coláiste Sailéiseach - An Phríomhshráid, Cill Droichid - Ascaill na Sailí - Stáisiún Chollchoille | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W62** | An Caisleán Nua - Teach Sagard - Bóthar Iarthar na Cathrach - Bóthar Ghort an tSrutháin - An Chearnóg, Tamhlacht | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |

## An Domhnach

| Uimhir bhealaigh | | A.M. | | | | | | | | P.M. | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 |
| | | Is é an uimhir i ngach bosca thíos an t-am ionchais idir busanna, léirithe ina nóiméid | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **W4** | An Chearnóg, Tamhlacht - Páirc Gnó Pháirc Chaisleán na Gráinsí - IS Ghleann na Life - Ionad Bhaile Bhlainséir | - | - | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W61** | Coláiste Pobail Mhaigh Nuad - An Coláiste Sailéiseach - An Phríomhshráid, Cill Droichid - Ascaill na Sailí - Stáisiún Chollchoille | - | - | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |
| **W62** | An Caisleán Nua - Teach Sagard - Bóthar Iarthar na Cathrach - Bóthar Ghort an tSrutháin - An Chearnóg, Tamhlacht | - | - | 60 | 60 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 30 | 60 | 60 |

Sa tábla thuas, tugtar neastreoir maidir le minicíochtaí.


Féach **transportforireland.ie** chun tuilleadh faisnéise a fháil.

## Cómhalartú le modhanna eile ar Ghréasán TFI


Leis an ngréasán nua, soláthraítear naisc níos fearr ar fud na modhanna iompair uile.

## Cómhalartuithe W4:


- Stopann Bealach **W4** i ngar d'Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life ar Bhóthar Leamhcáin. Úsáid an stad seo chun nascadh le seirbhísí amhail bealaí **C1**, **C2**, **C3** agus **C4** ag an aon stad amháin; agus le raon seirbhísí eile san ionad siopadóireachta, lena n-áirítear bealaí **L51**, **L53**, **26**, **76** agus **G2**.




- Nascann Bealach **W4** freisin le bealaí **C1** agus **C2** feadh Bhóthar Chaisleán na Gráinsí i Leamhcán.





- Nascann Bealach **W4** le Cuarbhealach **N4** ag I.S. Bhaile Bhlainséir.





## Cómhalartuithe W61:

- Nascann Bealach **W61** le bealaí **C3** agus **C4** ag Stáisiún Mhaigh Nuad.




- Nascann Bealach **W61** le Bealach **C4** i gCill Droichid.




## Cómhalartuithe Luas:

- **W4**: Tamhlacht, Coill an Rí,
- **W62**: Tamhlacht, Fothair Chardain, Campas Iarthar na Cathrach, Teach Sagard

## Cómhalartuithe iarnróid comaitéireachta:

- **W61**: Maigh Nuad, Collchoill agus Cill Droichid
- **W4**: Stáisiún nua na Ciseoige
- **W4**: New Kishoghue Station

Chun do thuras a phleanáil agus chun amharc ar roghanna eile le haghaidh cómhalartú, tabhair cuairt ar **transportforireland.ie** nó íoslódáil an aip TFI Live.


TFI Live

Download on the App Store

GET IT ON Google Play


## Cineálacha bealaigh an ghréasáin nua

Le hathdhearadh an ghréasáin, tugtar isteach cúig chineál bealaigh, a n-oibríonn gach ceann díobh ar shlite difriúla.




### Dromlach

Is é atá i ndromlaigh ná bealaí an-mhinic atá comhdhéanta de sheirbhísí bus aonair atá amchláraithe chun obair le chéile thar a gcodanna coiteanna. Is samplaí de dhromlaigh iad bealaí C1, C2, C3, C4, G1, G2, H1, H2 agus H3.




### Cuarbhealach

Soláthraíonn cuarbhealaí naisc idir bruachbhailte, gan aon ghá le taisteal isteach i lár na cathrach. Is samplaí de chuarbhealaí iad bealaí N4 agus N6.




### Áitiúil

Soláthraíonn bealaí áitiúla naisc chuig lárionaid áitiúla agus nascann siad le naisc iompair ar aghaidh. Is samplaí de bhealaí iad L51, L52, L53, L54, L58 agus L59.



### Gathach

Is é atá i mbealaí gathacha ná seirbhísí eile a oibríonn isteach i lár cathrach Bhaile Átha Cliath. Níl na seirbhísí sin ina gcuid d'aon dromlach agus oibríonn siad de réir a n-amchlár féin. Is samplaí de bhealaí gathacha iad bealaí 26, 52 agus 60.



### Bealaí le linn Buaic-amanna Amháin/Mearbhealaí

Oibríonn bealaí buaic-amanna le linn tréimhsí buaic-ama taistil, agus toilleadh breise á sholáthar acu feadh príomhchonairí bus. Is é atá i mearbhealaí ná seirbhísí díreacha ó na bruachbhailte amuigh go lár na cathrach le linn buaic-uaireanta, agus iad ag freastal ar stadanna teoranta chun paisinéirí a thabhairt chun a gcinn scríbe ar shlí níos tapa. Is samplaí díobh sin iad bealaí X25, X26, X27, X28, X30, X31 agus X32.

## Buntáistí chlár BusConnects

Is é is BusConnects ann ná an clár atá á reáchtáil ag an Údarás Náisiúnta Iompair chun feabhas mór a chur ar sheirbhísí bus i gcathracha na hÉireann.

Soláthróidh sé acmhainn bhreise agus minicíocht mhéadaithe, go háirithe sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Tabharfar tuilleadh seirbhísí 24 huaire an chloig isteach, rud a chabhróidh le sealoibrithe agus a thacóidh leis an ngeilleagar oíche.

Leis an Athdhearadh Gréasáin BusConnects i mBaile Átha Cliath, táthar ag tabhairt isteach dromlach ardmhinicíochta agus bealaí gathacha a oibreoidh isteach i lár cathrach Bhaile Átha Cliath, cuarbhealaí nua le haghaidh turais níos gasta ar fud limistéir fho-uirbeacha, agus bealaí áitiúla nua chun naisc thábhachtacha a sholáthar laistigh de limistéir áitiúla. Soláthróidh seirbhísí le linn buaic-amanna acmhainn bhreise ag na hamanna taistil is gnóthaí.

**230 km** de lánaí bus tosaíochta, rud a fhágfaidh go mbeidh turais níos tapa agus níos iontaofa

**Stadanna agus scáthláin nua bus** a bhfuil comharthaí níos fearr agus faisnéis níos fearr acu


**Córas nua** simplithe táillí

**Áiseanna nua Páirceála agus Taistil** ag príomhláithreacha

**Flít bus astaíochtaí ísle**

**200 km** de lánaí/raonta rothar

**Libhré nua bus** lena soláthraítear stíl choiteann ar fud oibritheoirí uile TFI



## Chun faisnéis a fháil, déan teagmháil le:
### Bus Átha Cliath:

0818 804 071

customercomment@goaheadireland.ie

www.goaheadireland.ie

Reáchtálann Bus Átha Cliath an Scéim Cúnaimh Taistil thar ceann Transport for Ireland laistigh de Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Tá sé mar aidhm léi cabhrú le custaiméirí an t-iompar poiblí a úsáid ina n-aonar, go háirithe na custaiméirí sin atá faoi mhíchumas nó a bhfuil soghluaisteacht laghdaithe acu.

Tá an scéim ar oscailt do gach duine os cionn ocht mbliana déag d'aois, agus tá sí ar fáil ar bhusanna Chathair Bhus Átha Cliath (a n-oibríonn Bus Átha Cliath agus Go-Ahead Ireland iad) agus ar sheirbhísí Luas agus DART i Mórlimistéar Bhaile Átha Cliath. Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi conas an scéim a úsáid, cuir glao ar **(01) 703 3204** nó seol ríomhphost chuig **travel.assist@dublinbus.ie**

**Faigh na haipeanna:**

Download on the App Store

GET IT ON Google Play

TFI Live

Leap Top Up

Driver Check

**www.transportforireland.ie**

Pleanáil do Thuras — Pleanáil do thuras leis an aip TFI Live

Féach faisnéis bheo faoi thurais amach — Agus féach faisnéis bheo faoi thurais amach leis an aip TFI Live

Cuir breis airgid ar do TFI Leap Card — Cuir breis airgid i gCárta TFI Leap leis an aip Leap Top-Up

## Íoslódáil ó
## Download from

Download on the App Store

GET IT ON Google Play

**transportforireland.ie**



TFI TRANSPORT FOR IRELAND